Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15676/23**

**DEVGEN 210**
**NDICI 30**
**ACP 117**
**RELEX 1348**
**FIN 1192**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Samhain 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13420/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gClársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 21 Samhain 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gClársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, mar a d’fhormheas an Chomhairle ag an 3985ú cruinniú a bhí aici an 21 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gClársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta 14/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gClársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda). Is díol sásaimh di go háirithe fionnachtana agus moltaí na Cúirte. Cuireann an Tuarascáil Speisialta go mór le próisis na meastóireachta meántéarma agus an athbhreithnithe meántéarma atá á ndéanamh i láthair na huaire ar NDICI-an Eoraip Dhomhanda.

2. Is de réir na bprionsabal clársceidealaithe a leagtar amach in Airteagail 12, 13 agus 19 de Rialachán (AE) 2021/947 ('an Rialachán maidir le NDICI-an Eoraip Dhomhanda') atá cleachtadh clársceidealaithe NDICI-an Eoraip Dhomhanda leagtha amach. Cuireadh na prionsabail sin i bhfeidhm i réimsí tosaíochta nithiúla, in earnálacha idirghabhála, i gcuspóirí sonracha, i dtorthaí ionchasacha agus i leithdháiltí táscacha do ghníomhaíochtaí an Aontais ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal ilnáisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, agus é mar aidhm acu treisiú leis an bhforbairt inbhuanaithe. Aithníonn an Chomhairle fionnachtain na Tuarascála Speisialta go mbíonn modheolaíochtaí éagsúla in úsáid ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag SEGS agus leithdháiltí airgeadais á socrú acu sna cláir Chomharsanachta agus Neamhchomharsanachta.

3. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh i gcrích an cleachtadh clársceidealaithe, i gcás formhór mór na ndoiciméad clársceidealaithe atá beartaithe, tráth is lú ná sé mhí tar éis ghlacadh an Rialacháin maidir le NDICI-an Eoraip Dhomhanda agus an ghnímh tharmligthe a bhaineann leis. A bhuí leis sin, bhíothas in ann an buiséad a chur chun feidhme go pras agus bhí leanúnachas iomlán ann maidir le comhar an Aontais le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta, lena n-áirítear trí bhíthin na gclár téamach.

4. Measann an Chomhairle nach mór a chur san áireamh go raibh géarchéimeanna éagsúla, ceann i ndiaidh a chéile agus iad fite fuaite ina chéile, le sárú againn ó cuireadh clársceidealú NDICI-an Eoraip Dhomhanda i gcrích, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ina measc, mar aon le hiarmhairtí phaindéim COVID-19 atá fós ar marthain. Leis na géarchéimeanna iomadúla sin, is lú anois cumas na dtíortha comhpháirtíochta dul i ngleic le síordhúshláin na bochtaineachta, an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil, coinbhleachtaí, éiginnteacht an tsoláthair bia, neamhionannais mhéadaitheacha agus an sleabhcadh eacnamaíoch, agus iarmhairtí tromchúiseacha acu don imirce agus don easáitiú éigeantais. Tá Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mbaol anois go háirithe i measc na dtíortha comhpháirtíochta sin ar leochailí agus ar soghonta a gcás, agus gan é ach leath bealaigh tríd an tréimhse cur chun feidhme go fóill. Bunaithe ar an bpróiseas clársceidealaithe a tugadh i gcrích in 2021, beidh an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheopholaitiúla, agus tosaíochtaí agus riachtanais forbartha na dtíortha comhpháirtíochta á gcomhtháthú ag an am céanna ach a ndéanfar NDICI-an Eoraip Dhomhanda a chur chun feidhme de mheon Fhoireann na hEorpa.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle uaillmhian an Aontais idirghníomhú leis na tíortha comhpháirtíochta ar bhealach straitéiseach agus ar bhonn cothrom, trí idirphlé il-gheallsealbhóirí bunaithe ar an gcur chuige 'tús áite don bheartas', lena bhforbrófar comhpháirtíochtaí láidre agus comhthairbheacha bunaithe ar chomhluachanna, ar leasanna coiteanna, ar thosaíochtaí beartais comhpháirteacha agus ar fhreagracht ar an leibhéal áitiúil i dtaobh gníomhaíochtaí. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé treisiú ar bhonn leanúnach le héifeachtúlacht, trédhearcacht agus ardtionchar chomhar an Aontais um fhorbairt leis na tíortha comhpháirtíochta.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle gur mheas Cúirt Iniúchóirí na hEorpa gur cláir chuimsitheacha gheografacha iad na cláir atá leagtha amach ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag SEGS, cláir a thugann aghaidh ar raon leathan riachtanas na dtíortha comhpháirtíochta agus ar thosaíochtaí an Aontais. Is díol sásaimh di freisin go dtugtar aitheantas do na comhairliúcháin leathana uileghabhálacha chuimsitheacha a rinneadh agus a léiríodh ina dhiaidh sin sna réimsí tosaíochta a roghnaíodh le haghaidh comhair agus comhpháirtíochtaí. Tathantaíonn an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhordú idir Toscaireachtaí an Aontais agus Ambasáidí na mBallstát sna tíortha comhpháirtíochta, agus níos mó a dhéanamh ná díreach faisnéis a roinnt, chun cur chuige Fhoireann na hEorpa agus comhleanúnachas na comhghníomhaíochta a neartú a thuilleadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na Ballstát sin a bhfuil Ambasáidí neamhchónaitheacha acu a chur san áireamh.

7. Tugann an Chomhairle dá haire fionnachtain na Cúirte nach ann go fóill ach do líon teoranta straitéisí clársceidealaithe comhpháirteacha agus nár baineadh cuspóir Rialachán NDICI-an Eoraip Dhomhanda amach go fóill, is é sin gurb é an clársceidealú comhpháirteach a bheadh mar rogha cur chuige ó thaobh clársceidealú tíre de, agus gur mar sin atá ó táthar ag díriú anois ar Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa. I ndáil leis an méid sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún tús a chur arís le mapáil rialta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí clársceidealaithe comhpháirteacha. Aithníonn an Chomhairle a mhéid a chuidigh chur chuige Fhoireann na hEorpa agus Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa leis an bprionsabal ‘comhar níos fearr le chéile’, ar prionsabal é a bhaineann le comhar an Aontais um fhorbairt.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe an moladh ón gCúirt gur gá feabhas a chur ar an modheolaíocht maidir le cistí a leithdháileadh ar thíortha Comharsanachta agus aithníonn sí a thábhachtaí atá sé modheolaíocht leithdháilte na gclár neamhChomharsanachta a dhoiciméadú a thuilleadh agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Leagann an Chomhairle béim ar luach an lánpháirtithe réigiúnaigh agus ar an tionchar a bhíonn ag cláir chuimsitheacha ilbhliantúla tháscacha réigiúnacha. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS na moltaí sin a mheas le linn an athbhreithnithe mheántéarma atá a dhéanamh faoi láthair ar ionstraim NDICI-an Eoraip Dhomhanda agus modheolaíocht leithdháilte atá sách caighdeánaithe, inchomparáide, trédhearcach agus dea-dhoiciméadaithe a ullmhú don chéad chleachtadh clársceidealaithe eile. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS réimsí a shainaithint inar féidir tuilleadh caighdeánaithe a dhéanamh. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé difríochtaí modheolaíochta idir réigiúin a íoslaghdú bunaithe ar mheasúnuithe polaitiúla leordhóthanacha, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla ábhartha.

9. Meabhraítear don Chomhairle sainiúlacht na gcomhpháirtíochtaí leis na tíortha Comharsanachta, de réir phrionsabal difreála Bheartas Comharsanachta na hEorpa, agus a léirítear i gcineál measctha na gcritéar leithdháilte in NDICI-an Eoraip Dhomhanda. Cuimsítear leis sin táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla, lena n-áirítear tiomantas d’athchóirithe agus leibhéal uaillmhéine na gcomhpháirtíochtaí leis an Aontas.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh isteach creat torthaí na hEorpa Domhanda mar phríomhuirlis faireacháin lena chur ar chumas an Aontais na torthaí comhiomlánaithe a baineadh amach ar leibhéal NDICI-an Eoraip Dhomhanda a thuairisciú. Molann sí don Choimisiún leanúint de phríomhtháscairí, bunlínte agus spriocanna a shainiú, agus cuireann sí i dtreis a ábhartha atá sé torthaí comhiomlánaithe a chur i láthair go rialta i meithleacha ábhartha na Comhairle.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle an moladh ón gCúirt an faireachán toradhbhunaithe a fheabhsú. Iarrann sí ar an gCoimisiún úsáid chomhsheasmhach táscairí a shimpliú agus a áirithiú arís eile, táscairí arb é is aidhm dóibh comhiomlánú sonraí a éascú, lena n-áirítear de réir Ballstát. Cé go dtugann sí dá haire gur comhtháthaíodh, sna cláir ilbhliantúla tháscacha uile a glacadh, úsáid táscairí corparáideacha, níl bonnlínte ná táscairí soiléire in níos mó ná 20 % díobh. Molann an Chomhairle do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS an deis atá ann, a bhuí leis an athbhreithniú meántéarma ar chlársceidealú NDICI-an Eoraip Dhomhanda, a thapú, chun an úsáid a bhaintear as na táscairí a fheabhsú.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle go háirithe fionnachtana na Cúirte maidir leis an ngá le raon feidhme an chleachtaidh clársceidealaithe a fhócasú a thuilleadh. I ndáil leis sin, tugann an Chomhairle dá haire an moladh ón gCúirt gnéithe neamhéigeantacha a chur siar chuig céim an chur chun feidhme agus iarrann sí ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS, laistigh dá sainchúram, an cur chuige dírithe sin a ghlacadh don chéad chleachtadh clársceidealaithe eile, agus an tsolúbthacht is gá don chlársceidealú ilbhliantúil a choinneáil ag an am céanna.

13. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an mhodheolaíocht i dtaobh leithdháiltí a shocrú do thíortha nach tíortha comharsanachta iad a dhoiciméadú a thuilleadh, agus an gá atá le measúnuithe cáilíochtúla áitiúla á aithint ag an am céanna. Tugann an Chomhairle dá haire gur cheart an mhodheolaíocht don chéad chleachtadh clársceidealaithe eile a bheith níos caighdeánaithe agus níos cuimsithí ná an mhodheolaíocht a úsáidtear le haghaidh NDICI-an Eoraip Dhomhanda. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS seasamh leis an trédhearcacht agus leis an gcomhleanúnachas, slógadh agus úsáid éifeachtach acmhainní intíre a chur chun cinn agus acmhainneacht ionsúcháin na dtíortha comhpháirtíochta a mheas.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an moladh ón gCúirt lena dtugtar aghaidh ar a riachtanaí atá sé an mhodheolaíocht a shoiléiriú maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an fhorbairt a bhíonn ag tacaíocht an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis sin, iarrann sí ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS feabhas a chur ar an modheolaíocht chun torthaí agus tionchar éifeachtach forbartha na tacaíochta ón Aontas do réimsí tosaíochta roghnaithe agus/nó d'earnálacha comhair a léiriú ar bhealach níos fearr. Beidh an méid sin tábhachtach i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma atá á dhéanamh ar NDICI-an Eoraip Dhomhanda i láthair na huaire, sna doiciméid chlársceidealaithe don chéad chleachtadh clársceidealaithe eile agus sa chumarsáid straitéiseach leis na comhpháirtithe forbartha.

15. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tógáil ar Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus ar an straitéis maidir leis an Tairseach Dhomhanda chun feabhas a chur ar infheictheacht ghníomhaíochtaí an Aontais agus chun an t-idirphlé polaitiúil leis na tíortha comhpháirtíochta a neartú. Chun na críche sin, meabhraítear di go bhfuil sé ríthábhachtach tionchar ghníomhaíochtaí an Aontais a mheas le táscairí iontaofa chun a bhfuil bainte amach ag an Aontas a chur in iúl ar bhealach níos fearr agus chun an breisluach a bhaineann leis an méid a chuireann Foireann na hEorpa ar fáil a léiriú.